2026/1706

13.7.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1706 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Iúil 2026

maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Chróit agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1389 ón gCoimisiún agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2663 ón gCoimisiún

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 4904)

(Is é an téacs Cróitise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag a bhíonn ar ainmhithe de chineál gabhair agus de chineál caorach agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha. I gcás ráig de phlá na n-athchogantach beag in ainmhithe de chineál gabhair nó de chineál caorach, tá riosca tromchúiseach ann go leathfadh an galar sin go bunaíochtaí eile ainmhithe de chineál gabhair nó de chineál caorach.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar na rialacha maidir le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair de chatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, déantar foráil in Airteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar de chatagóir A, lena n-áirítear ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, déantar foráil le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta crios cosanta agus crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(3) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1389 ón gCoimisiún ([4]) an 17 Meitheamh 2026 ar bhonn Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos leis bearta éigeandála eatramhacha áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Chróit. Go sonrach, foráiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1389 maidir leis na criosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise atá le bunú ag an mBallstát sin, tar éis ráig d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, go gcuimseoidh na criosanna sin ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm i leith catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1389 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2026 maidir le bearta éigeandála eatramhacha áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Chróit (IO L 2026/1389, 18.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/1389/oj).

(4) Ó bhí dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1389 ann, thug an Chróit fógra don Choimisiún idir an 21 Meitheamh agus an 2 Iúil 2026 faoi seacht ráig bhreise d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag i mbunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair, bunaíochtaí atá lonnaithe i gcontaetha Bjelovarska-Bilogorska agus Viroviticko-Podravska. I gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, bhunaigh an Chróit criosanna srianta, ina gcuimsítear criosanna cosanta agus faireachais, ina gcuirtear i bhfeidhm na bearta rialaithe galar a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe sin, chun leathadh breise an ghalair sin a chosc.

(5) Chun leathadh an ghalair a rialú, chun aon suaitheadh nach bhfuil gá leis ar thrádáil laistigh den Aontas a chosc agus chun nach bhforchuirfidh tríú tíortha bacainní gan údar ar thrádáil, is gá a leagan síos go mear, ar leibhéal an Aontais, i gcomhar leis an gCróit, suíomh agus fad na gcriosanna srianta sin, lena gcuimsítear na criosanna cosanta agus faireachais, chomh maith le criosanna srianta breise, arna mbunú ag an mBallstát sin i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(6) I bhfianaise na staide eipidéimeolaíche atá ann maidir le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Chróit, agus go háirithe an ráig nua sin á gcur san áireamh, ba cheart na bearta éigeandála eatramhacha dá bhforáiltear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1389 a choigeartú, ó thaobh spáis agus ama de, agus ba cheart leanúint dá gcur i bhfeidhm chun leathadh breise an ghalair sa Chróit nó sa chuid eile den Aontas a chosc. Dá bhrí sin, an liosta de limistéir atá tugtha cothrom le dáta inar cheart crios srianta a bhunú sa Chróit i leith ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, é sin agus an fad tréimhse atá beartaithe do na criosanna sin, ba cheart iad a leagan amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(7) Tá méid na gcriosanna cosanta agus faireachais agus fad tréimhse na mbeart atá le cur i bhfeidhm laistigh de na criosanna sin bunaithe ar na critéir a leagtar amach in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/429 agus ar na rialacha a leagtar síos in Iarscríbhinní X agus XI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 freisin. Ar na critéir a chuirtear i bhfeidhm maidir le rogha mhéid na gcriosanna cosanta agus faireachais, chomh maith le fad tréimhse na mbeart atá le cur i bhfeidhm laistigh de na criosanna sin, áirítear breithniú ar an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sna limistéir atá buailte ag an ngalar sin, agus ní hamháin sin ach ar staid eipidéimeolaíoch fhoriomlán an ionfhabhtaithe le plá na n-athchogantach beag i gcríoch iomlán na Cróite, agus ar an leibhéal riosca atá ann maidir le leathadh breise an ghalair. Chun fad tréimhse na mbeart dá bhforáiltear leis an gCinneadh seo a chinneadh, cuireadh caighdeáin idirnáisiúnta an Chóid um Shláinte na nAinmhithe Talún ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH) ([5]) san áireamh.

(8) Dá réir sin, ba cheart na limistéir a shainaithnítear mar chriosanna cosanta, mar chriosanna faireachais agus mar chriosanna srianta breise sa Chróit a leagan amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, agus ba cheart fad an réigiúnaithe sin a shocrú inti. Cuirtear san áireamh i bhfad an réigiúnaithe sin na híostréimhsí le haghaidh na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna cosanta agus faireachais i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(9) Ina theannta sin, glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2663 ón gCoimisiún ([6]) an 23 Nollaig 2025 ar bhonn Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos leis bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Chróit.

(10) Tar éis ráigeanna breise d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Chróit, leasaíodh an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2663 go deireanach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/317 ón gCoimisiún ([7]).

(11) An 19 Feabhra 2026, níor ceanglaíodh a thuilleadh na bearta rialaithe galar dá bhforáiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2663 a chur i bhfeidhm ós rud é, ó glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/317, nár tuairiscíodh aon ráig nua go dtí an 11 Meitheamh 2026.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1389 agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2663 a aisghairm leis an gCinneadh seo.

([5]) https://www.woah.org/en/what-we-do/standards/codes-and-manuals/terrestrial-code-online-access/.

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2663 ón gCoimisiún an 23 Nollaig 2025 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Chróit (IO L, 2025/2663, 30.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/2663/oj).

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/317 ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2026 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2663 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Chróit (IO L, 2026/317, 10.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/317/oj).

(13) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag agus an ghá atá le cosc a chur ar leathadh an ghalair sin ó na bunaíochtaí atá buailte leis sa Chróit go codanna eile den Bhallstáit sin nó go Ballstáit eile, ba cheart feidhm a bheith ag na bearta a leagtar síos sa Chinneadh Cur Chun Feidhme seo a luaithe is féidir.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfaidh an Chróit an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go mbunóidh údarás inniúil an Bhallstáit sin láithreach crios srianta, lena gcuimsítear criosanna cosanta agus criosanna faireachais mar aon le crios srianta breise, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus faoi na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal sin;

(b) gur cuid de na criosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise dá dtagraítear i bpointe (a) ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(c) maidir leis na bearta is gá a chur i bhfeidhm sna criosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise, go gcuirfear i bhfeidhm iad ar a laghad go dtí na dátaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(d) go mbeidh toirmeasc ar ghluaiseachtaí ainmhithe de chineál gabhair agus de chineál caorach ón gcrios cosanta, ón gcrios faireachais agus ón gcrios srianta breise chuig ceann scríbe atá suite lasmuigh d'imlíne sheachtrach an chreasa shrianta bhreise dá bhforáiltear i bPointe B d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo go dtí na dátaí a liostaítear le haghaidh gach creasa in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(e) go bhfuil toirmeasc ar ghluaiseachtaí ainmhithe de chineál gabhair agus de chineál caorach ó chríoch na Cróite chuig ceann scríbe atá suite lasmuigh den Chróit go dtí an 30 Meán Fómhair 2026.

Airteagal 2

Cuirfidh an Chróit na bearta is infheidhme i bhfeidhm maidir le criosanna srianta breise, dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, sna limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, agus i gcomhréir leis na dátaí a leagtar amach ann.

Airteagal 3

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1389 agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2663.

Airteagal 4

Is chuig Poblacht na Cróite a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

Cuid A: limistéir a bunaíodh ar leibhéal an Aontais mar chriosanna srianta, lena gcuimsítear criosanna cosanta agus faireachais sa Chróit

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
HR-PPR-2026-00004 HR-PPR-2026-00005 HR-PPR-2026-00006 HR-PPR-2026-00007 HR-PPR-2026-00008 HR-PPR-2026-00009 HR-PPR-2026-000010 HR-PPR-2026-000011 HR-PPR-2026-000012 HR-PPR-2026-000013	**Protection zone includes areas of:** a) U **Bjelovarsko – bilogorska županiji:** — naselja Daruvar, Daruvarski Vinogradi, Doljani, Donji Daruvar, Gornji Daruvar, Markovac i Vrbovac na području Grada Daruvara, — naselja Batinjska Rijeka, Batinjani, Dobra Kuća, Gornja Vrijeska i Vukovije na području općine Đulovac, — naselja Bijela, Donji Borki, Kip, Miljanovac, Pakrani, Sirač i Šibovac na području općine Sirač, — sva naselja na području Grada Čazme. b) U **Zagrebačkoj županiji**: — sva naselja na području općine Dubrava. c) U Virovitičko podravskoj županiji — naselja Macute, Bokane, Dobrić, Gornji Meljani, Kometnik-Jorgići, Kometnik-Zubići, Popovac, Rijenci, Sekulinci i Smude na području općine Voćin, — naselje Golenić na području Grada Slatine.	18.8.2026
HR-PPR-2026-00004 HR-PPR-2026-00005 HR-PPR-2026-00006 HR-PPR-2026-00007 HR-PPR-2026-00008 HR-PPR-2026-00009 HR-PPR-2026-000010 HR-PPR-2026-000011 HR-PPR-2026-000012 HR-PPR-2026-000013	**Surveillance zone includes areas of:** a) U **Bjelovarsko – bilogorskoj županiji**: — naselja Lipovac Majur i Ljudevit Selo na području Grada Daruvara, — sva naselja na području općine Dežanovac, — naselja Bastajski Brđani, Borova Kosa, Donja Vrijeska, Donje Cjepidlake, Đulovac, Gornje Cjepidlake, Katinac, Koreničani, Kravljak, Mala Babina Gora, Mala Klisa, Mali Bastaji, Mali Miletinac, Nova Krivaja, Potočani, Puklica, Removac, Stara Krivaja, Škodinovac, Velika Babina Gora, Velika Klisa, Veliki Bastaji, Veliki Miletinac i Maslenjača na području općine Đulovac, — naselja Duhovi, Gornji Uljanik, Hrastovac, Tomašica, Uljanički Brijeg i Uljanik na području Grada Garešnice, — sva naselja na području Grada Grubišno Polje, — sva naselja na području općine Končanica, — naselja Hercegovac, Ilovski Klokočevac i Velika Trnava na području općine Hercegovac, — naselja Barica i Gornji Borki na području općine Sirač, — naselje Pavlovac na području općine Veliki Grđevac, — naselja Berek, Krivaja i Šimljanik na području općine Berek, — naselja Breza, Gudovac, Klokočevac, Malo Korenovo, Prgomelje, Rajić, Stančići i Veliko Korenovo na području Grada Bjelovara, — naselja Babinac, Donja Petrička, Đurđic, Gornja Petrička, Ivanska, Kolarevo Selo, Križic, Paljevine, Rastovac, Samarica i Utiskani na području općine Ivanska, — naselja Rovišće, Tuk i Žabjak na području općine Rovišće, — sva naselja na području općine Štefanje.	5.9.2026

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	b) U **Požeško – slavonskoj županiji**: — naselja Bogdašić, Kruševo, Striježevica, Kamenski Vučjak, Mihajlije, Mijači, Mrkoplje, Novo Zvečevo, Sažije i Šušnjari na području općine Brestovac, — naselja Antunovac, Brekinska, Dobrovac, Filipovac, Gaj, Japaga, Klisa, Kukunjevac, Lipik, Skenderovci, Strižičevac i Šeovica na području Grada Lipika, — sva naselja na području Grada Pakraca, — naselja Bešinci, Češljakovci, Doljanovci, Golo Brdo i Kaptol na području općine Kaptol, — naselja Doljanci, Gornji Vrhovci, Kantrovci, Potočani, Radovanci, Stražeman, i Velika na području općine Velika. c) U **Virovitičko- podravskoj županiji**: — naselja Budanica, Cabuna, Dvorska, Gvozdanska, Jugovo Polje, Mala Trapinska, Pčelić, Pepelana, Pivnica Slavonska, Rodin Potok, Sovjak, Trnava Cabunska, Velika Trapinska, Žiroslavlje, Žubrica i Levinovac na području općine Suhopolje, — naselja Jasenaš i Sveti Đurađ na području Grada Virovitica, — naselja Ćeralije, Donje Kusonje, Đuričić, Gornje Kusonje, Hum, Hum Varoš, Mačkovac, Novo Kusonje, Kuzma, Lisičine i Voćin na području općine Voćin, — naselja Brezovljani Vojlovički, Bukvik, Čačinci, Humljani, Krajna, Krasković, Paušinci, Prekoračani, Pušina, Slatinski Drenovac i Vojlovica na području općine Čačinci — naselja Donje Bazije, Šaševo i Vraneševci na području općine Čađavica — naselja Balinci, Borik, Četekovac, Čojlug i Mikleuš na području općine Mikleuš — naselja Bjelkovac, Brezik, Bukovački Antunovac, Dobrović, Donja Bukovica, Gornje Viljevo, Miljevci i Nova Bukovica na području općine Nova Bukovica — naselja Bijeljevina Orahovička, Donja Pištana, Gornja Pištana, Kokočak i Orahovica na području Grada Orahovice — naselja Bakić, Bistrica, Donji Meljani, Gornji Miholjac, Ivanbrijeg, Kozice, Lukavac, Markovo, Medinci, Novi Senkovac, Radosavci, Sladojevački Lug, Sladojevci i Slatina na području Grada Slatine — naselja Grabić, Josipovo, Kapinci, Nova Šarovka, Novaki, Sopje, Španat, Vaška i Višnjica na području općine Sopje. d) U **Koprivničko- križevačkoj županiji**: — naselja Gračina, Novaki Ravenski, Poljana Križevačka i Špiranec na području Grada Križevaca, — naselja Brdo Cirkvensko, Brezovljani, Cirkvena, Hrsovo, Kenđelovec, Kuštani, Ladinec, Novi Glog, Predavec Križevački, Sveti Ivan Žabno i Škrinjari na području općine Sveti Ivan Žabno.	

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	e) U **Sisačko – moslavačkoj županiji**: — naselja Gornja Jelenskai Moslavačka Slatina na području Grada Popovače, — naselja Gornja Vlahinička, Grabričina, Katoličko Selišće, Kompator, Ludinica, Mala Ludina, Mustafina Klada, Okoli, Ruškovica, Velika Ludina i Vidrenjak na području općine Velika Ludina. f) U **Zagrebačkoj županiji**: — naselja Gornja Greda, Gračec, Kusanovec, Lupoglav, Prečec, Prikraj i Tedrovec na području općine Brckovljani, — naselja Andrilovec, Mala Ostrna i Velika Ostrna na području Grada Dugo Selo, — sva naselja na području općine Farkaševac, — sva naselja na području općine Gradec, — naselja Caginec, Deanovec, Derežani, Graberje Ivanićko, Greda Breška, Ivanić-Grad, Lepšić Opatinec, Posavski Bregi, Šemovec Breški, Šumećani, Tarno Trebovec, Zaklepica i Zelina Breška na području Grada Ivanić Grada, — sva naselja na području općine Kloštar Ivanić, — sva naselja na području općine Križ, — naselja Ježevo i Obedišće Ježevsko na području općine Rugvica, — naselja Banovo, Brčevec, Celine, Cerik, Cerje, Donji Tkalec, Đivan, Gaj, Gostović, Greda, Konak, Kućari, Lonjica, Lovrečka Varoš, Lovrečka Velika, Luka, Lukovo, Marenić, Martinska Ves, Naselje Stjepana Radića, Novo Selo, Peskovec, Pirakovec, Podolec, Poljana, Poljanski Lug, Prilesje, Savska Cesta, Topolovec, Vrbovec i Vrbovečki Pavlovec na području Grada Vrbovca.	
HR-PPR-2026-00004 HR-PPR-2026-00005 HR-PPR-2026-00006 HR-PPR-2026-00007 HR-PPR-2026-00008 HR-PPR-2026-00009 HR-PPR-2026-000010 HR-PPR-2026-000011 HR-PPR-2026-000012 HR-PPR-2026-000013	**Surveillance zone includes areas of:** a) U **Bjelovarsko – bilogorskoj županiji**: — naselja Daruvar, Daruvarski Vinogradi, Doljani, Donji Daruvar, Gornji Daruvar, Markovac, Vrbovac, Lipovac Majur i Ljudevit Selo na području Grada Daruvara, — sva naselja na području općine Dežanovac, — naselja Batinjska Rijeka, Batinjani, Dobra Kuća, Gornja Vrijeska, Vukovije, Bastajski Brđani, Borova Kosa, Donja Vrijeska, Donje Cjepidlake, Đulovac, Gornje Cjepidlake, Katinac, Koreničani, Kravljak, Mala Babina Gora, Mala Klisa, Mali Bastaji, Mali Miletinac, Nova Krivaja, Potočani, Puklica, Removac, Stara Krivaja, Škodinovac, Velika Babina Gora, Velika Klisa, Veliki Bastaji, Veliki Miletinac i Maslenjača na području općine Đulovac, — naselja Duhovi, Gornji Uljanik, Hrastovac, Tomašica, Uljanički Brijeg i Uljanik na području Grada Garešnice, — sva naselja na području Grada Grubišno Polje, — sva naselja na području općine Končanica, — naselja Hercegovac, Ilovski Klokočevac i Velika Trnava na području općine Hercegovac,	19.8.2026-5.9.2026

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	— naselja Bijela, Donji Borki, Kip, Miljanovac, Pakrani, Sirač, Šibovac, Barica i Gornji Borki na području općine Sirač, — naselje Pavlovac na području općine Veliki Grđevac, — naselja Berek, Krivaja i Šimljanik na području općine Berek, — naselja Breza, Gudovac, Klokočevac, Malo Korenovo, Prgomelje, Rajić, Stančići i Veliko Korenovo na području Grada Bjelovara, — naselja Babinac, Donja Petrička, Đurđic, Gornja Petrička, Ivanska, Kolarevo Selo, Križic, Paljevine, Rastovac, Samarica i Utiskani na području općine Ivanska, — naselja Rovišće, Tuk i Žabjak na području općine Rovišće, — sva naselja na području općine Štefanje b) sva naselja na području Grada Čazme.U **Požeško – slavonskoj županiji**: — Naselja Bogdašić, Kruševo, Striježevica, Kamenski Vučjak, Mihajlije, Mijači, Mrkoplje, Novo Zvečevo, Sažije i Šušnjari na području općine Brestovac, — naselja Antunovac, Brekinska, Dobrovac, Filipovac, Gaj, Japaga, Klisa, Kukunjevac, Lipik, Skenderovci, Strižičevac i Šeovica na području Grada Lipika, — sva naselja na području Grada Pakraca — naselja Bešinci, Češljakovci, Doljanovci, Golo Brdo i Kaptol na području općine Kaptol, — naselja Doljanci, Gornji Vrhovci, Kantrovci, Potočani, Radovanci, Stražeman, i Velika na području općine Velika c) U **Virovitičko- podravskoj županiji**: — naselja Budanica, Cabuna, Dvorska, Gvozdanska, Jugovo Polje, Mala Trapinska, Pčelić, Pepelana, Pivnica Slavonska, Rodin Potok, Sovjak, Trnava Cabunska, Velika Trapinska, Žiroslavlje, Žubrica i Levinovac na području općine Suhopolje, — naselja Jasenaš i Sveti Đurađ na području Grada Virovitica, — naselja Macute, Bokane, Dobrić, Gornji Meljani, Kometnik-Jorgići, Kometnik-Zubići, Popovac, Rijenci, Sekulinci, Smude, Kuzma, Lisičine i Voćin na području općine Voćin — naselja Brezovljani Vojlovički, Bukvik, Čačinci, Humljani, Krajna, Krasković, Paušinci, Prekoračani, Pušina, Slatinski Drenovac i Vojlovica na području općine Čačinci — naselja Donje Bazije, Šaševo i Vraneševci na području općine Čađavica — naselja Balinci, Borik, Četekovac, Čojlug i Mikleuš na području općine Mikleuš	

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	— naselja Bjelkovac, Brezik, Bukovački Antunovac, Dobrović, Donja Bukovica, Gornje Viljevo, Miljevci i Nova Bukovica na području općine Nova Bukovica — naselja Bijeljevina Orahovička, Donja Pištana, Gornja Pištana, Kokočak i Orahovica na području Grada Orahovice — naselja Golenić, Bakić, Bistrica, Donji Meljani, Gornji Miholjac, Ivanbrijeg, Kozice, Lukavac, Markovo, Medinci, Novi Senkovac, Radosavci, Sladojevački Lug, Sladojevci i Slatina na području Grada Slatine — naselja Grabić, Josipovo, Kapinci, Nova Šarovka, Novaki, Sopje, Španat, Vaška i Višnjica na području općine Sopje d) U **Koprivničko- križevačkoj županiji**: — naselja Gračina, Novaki Ravenski, Poljana Križevačka i Špiranec na području Grada Križevaca, — naselja Brdo Cirkvensko, Brezovljani, Cirkvena, Hrsovo, Kenđelovec, Kuštani, Ladinec, Novi Glog, Predavec Križevački, Sveti Ivan Žabno i Škrinjari na području općine Sveti Ivan Žabno. e) U **Sisačko – moslavačkoj županiji**: — naselja Gornja Jelenskai Moslavačka Slatina na području Grada Popovače, — naselja Gornja Vlahinička, Grabričina, Katoličko Selišće, Kompator, Ludinica, Mala Ludina, Mustafina Klada, Okoli, Ruškovica, Velika Ludina i Vidrenjak na području općine Velika Ludina. f) U **Zagrebačkoj županiji**: — sva naselja na području općine Dubrava. — naselja Gornja Greda, Gračec, Kusanovec, Lupoglav, Prečec, Prikraj i Tedrovec na području općine Brckovljani, — naselja Andrilovec, Mala Ostrna i Velika Ostrna na području Grada Dugo Selo, — sva naselja na području općine Farkaševac, — sva naselja na području općine Gradec, — naselja Caginec, Deanovec, Derežani, Graberje Ivanićko, Greda Breška, Ivanić-Grad, Lepšić Opatinec, Posavski Bregi, Šemovec Breški, Šumećani, Tarno Trebovec, Zaklepica i Zelina Breška na području Grada Ivanić Grada, — sva naselja na području općine Kloštar Ivanić, — sva naselja na području općine Križ, — naselja Ježevo i Obedišće Ježevsko na području općine Rugvica, — naselja Banovo, Brčevec, Celine, Cerik, Cerje, Donji Tkalec, Đivan, Gaj, Gostović, Greda, Konak, Kućari, Lonjica, Lovrečka Varoš, Lovrečka Velika, Luka, Lukovo, Marenić, Martinska Ves, Naselje Stjepana Radića, Novo Selo, Peskovec, Pirakovec, Podolec, Poljana, Poljanski Lug, Prilesje, Savska Cesta, Topolovec, Vrbovec i Vrbovečki Pavlovec na području Grada Vrbovca.	

Cuid B: Limistéir a bhunaítear mar chriosanna srianta breise ar leibhéal an Aontais sa Chróit

Tír	Limistéar riaracháin	Limistéir a bhunaítear mar chrios srianta breise, dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
An Chróit	**Bjelovarsko – bilogorska županiji**	The entire territory of Bjelovarsko – bilogorska županija excluding the areas contained in any protection or surveillance zone.	5.9.2026
	Požeško – slavonska županija	The entire territory of Požeško – slavonska županija excluding the areas contained in any protection or surveillance zone.	5.9.2026
	Virovitičko- podravska županija	The entire territory of Virovitičko- podravska županija excluding the areas contained in any protection or surveillance zone.	5.9.2026
	Zagrebačkoj županija	The entire territory of Zagrebačka županija excluding the areas contained in any protection or surveillance zone.	5.9.2026
	Koprivničko- križevačkoj županija	The entire territory of Koprivničko- križevačka županija excluding the areas contained in any protection or surveillance zone.	5.9.2026
	Sisačko – moslavačkoj županija	The entire territory of Sisačko – moslavačka županija excluding the areas contained in any protection or surveillance zone.	5.9.2026

IARSCRÍBHINN II

Tír	Limistéar riaracháin	Limistéir dá dtagraítear in Airteagal 2	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
An Chróit	**Bjelovarsko – bilogorska županiji**	The entire territory of Bjelovarsko – bilogorska županija.	6.9.2026-5.10.2026
	Požeško – slavonska županija	The entire territory of Požeško – slavonska županija.	6.9.2026-5.10.2026
	Virovitičko- podravska županija	The entire territory of Virovitičko- podravska.	6.9.2026-5.10.2026
	Zagrebačkoj županija	The entire territory of Zagrebačka županija.	6.9.2026-5.10.2026
	Koprivničko- križevačkoj županija	The entire territory of Koprivničko- križevačka županija.	6.9.2026-5.10.2026
	Sisačko – moslavačkoj županija	The entire territory of Sisačko – moslavačka županija.	6.9.2026-5.10.2026